Aonad 7

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Custaim

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí

2 Freagraí



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

**1.** Aithin má tá na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

| Ráiteas | Fíor / Bréagach |
|---|---|
| **1.** Tá 28 tír ar fad san Aontas Eorpach | **Bréagach** |
| **2.** Tá 12 réalta óir ar chúlra bán ar bhratach an Aontais Eorpaigh | **Bréagach** |
| **3.** Chuaigh Éire isteach san AE in 1973 | **Fíor** |
| **4.** Tá thart ar 450 milliún duine ina gcónaí san Aontas Eorpach | **Fíor** |
| **5.** Tá 18 dtír ann a úsáideann an euro mar airgeadra | **Bréagach** |

**2.** Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo thíos.

**a.** Nuair a cheannaíonn tír amháin earra a tháirgtear i dtír eile tugtar **iompórtáil** / easpórtáil air seo.

**b.** Tá / **níl** aon táillí custam ann nuair a dhíoltar earraí agus seirbhísí idir ballstáit an AE.

**c.** Earraí a bhain leas as fóirdheontais rialtais sa tír ónar tháinig siad, d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir **dleacht frithchúitimh** / dleacht frithdhumpála nuair a dhíoltar san AE iad.

**d.** Íoctar Dleacht Chustam ar earraí nuair atá a luach intreach **níos mó** / níos lú ná €150.

**e.** D'fhéadfadh earraí iompórtáilte a bheith faoi réir **dleacht mháil** / dleacht stampála freisin.

**3.** Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo thíos.

Is gníomhaireacht **rialtais** é Custaim a rialaíonn sreabhadh earraí isteach agus amach as **tír**. Oibríonn na Coimisinéirí **Ioncaim** le gníomhaireachtaí custam eile de chuid an AE chun cosc a chur ar **smuigleál** earraí nó earraí ar a gcaithfear **cáncha** breise a íoc.

Is cuid **d'Aontas** coiteann Custam iad tíortha an AE. Ciallaíonn sé seo go gcuireann gach tír dleachtanna coiteann custam i bhfeidhm ar **iompórtalacha** ó lasmuigh den AE. Níl aon dleachtanna custam idir **ballstáit**.

**4.** Meaitseáil na téarmaí agus na mínithe, cuir an litir den mhíniú ceart faoin uimhir ábhartha thíos.

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| **1.** An Breatimeacht | **A.** Cáin a ghearrtar ar earraí a iompórtáiltear ó thíortha lasmuigh den AE |
| **2.** Aontas Eorpach | **B.** An luach airgid atá ar earra, seachas ar iompar, árachas agus táillí láimhseála |
| **3.** Dleacht Chustam | **C.** Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |
| **4.** Luach Intreach | **D.** An ghníomhaireacht atá freagrach as tobhaigh a chuirtear i bhfeidhm ar iompórtálacha isteach go hÉirinn a bhailiú |
| **5.** na Coimisinéirí Ioncaim | **E.** Aontas polaitiúil agus eacnamaíoch ina bhfuil 27 Ballstát |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| C | E | A | B | D |